2017. M99T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017**

# STAIR – ARDLEIBHÉAL

## RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

**An scrúdú scríofa: 400 marc**
**An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

## DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 - 4.50

***Treoracha d'iarrthóirí:***
Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

- **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

# ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Deachtóireacht agus daonlathas, 1920-1945**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Máirseáil Jarrow, Deireadh Fómhair 1936***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

**1.** (a) Cé hiad na hoibrithe a luaitear i ndoiciméad A?

(b) Conas a léiritear donas an tsaoil i Jarrow i ndoiciméad A?

(c) De réir dhoiciméad B, conas a mhaireann formhór na saoránach go rialta i stát caipitlíoch?

(d) Cad é an chéad jab eile atá le déanamh, de réir dhoiciméad B?

(20)

**2.** (a) An luann an dá dhoiciméad fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta sna blianta idir an dá chogadh? Tabhair fáthanna le do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

(b) An bhfuil na doiciméid ar aon fhocal nach raibh aon éifeacht leis na hiarrachtaí a rinneadh na fadhbanna a réiteach? Tabhair fáthanna le do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad. (20)

**3.** (a) An molann scríbhneoir dhoiciméad A réiteach ar na fadhbanna a dtagraíonn sé dóibh? Tabhair fáthanna le do fhreagra agus tagairt agat don doiciméad.

(b) Cad iad na láidreachtaí a bhaineann le doiciméad B mar fhoinse staire? Tacaigh le do fhreagra agus tagairt agat don doiciméad. (20)

**4.** Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Máirseáil Jarrow agus cé chomh mór agus a baineadh amach iad?

(40)

**- Doiciméad A -**

**Scríbhneoir Sasanach ba ea J.B. Priestley a thaistil ar fud Shasana in 1933. Is sliocht coimrithe as a leabhar, *English Journey* (Londain, 1934) é an méid seo a leanas.**

Tá Jarrow marbh. Ní féidir go raibh sé riamh beo mar bhaile ceart. Fiú nuair a bhí sé i mbarr a mhaitheasa, nuair a bhí gach duine ag obair, caithfidh sé nach raibh ann ach bailiúchán suarach de shráideanna caola leadránacha ina raibh tithe beaga gránna, beairic a cuireadh le chéile go ciniciúil sa chaoi go bhféadfadh oibrithe longthógála roinnt bia agus codlata a fháil idir sealanna. Is baile dearóil é Jarrow anois. Ní féidir éalú ón donas seasta atá ann, mar is baile don lucht oibre go huile agus go hiomlán é.

Cén fáth nach ndearnadh dada ar son bailte atá ag dul i léig ná ar son a muintire atá as obair? Is eol dom gur tugadh amach dól, gur cuireadh tástálacha acmhainne i bhfeidhm, gur osclaíodh ionaid oiliúna, gur dháil an Comhar um Sheirbhís Phearsanta agus a leithéid stocaí agus léinte agus seanleabhair; ach nílim ag smaoineamh ar chomharthaí laga den chineál sin. Rud éigin dearfach agus cruthaitheach atá i gceist agam.

Cén fáth nach raibh aon phlean ann do na ceantair seo, do na daoine seo? Ní cuid de phlean ar bith é an dól. Tá na Malartáin Fostaíochta bréan le daoine atá briste brúite. Tá an rud ar fad míchuibhiúil i dtír mhór le rá a chuir smaointe a bhí uasal agus cruthaitheach os comhair an domhain tráth dá raibh. Ba chóir dúinn náire a bheith orainn.

**- Doiciméad B -**

**Chuidigh Ellen Wilkinson, Feisire Parlaiminte do Jarrow, le Máirseáil Jarrow a threorú in 1936. Is sliocht coimrithe é an méid seo a leanas as a leabhar, *The Town That Was Murdered* (Londain, 1939).**

Ní timpiste atá i mbochtaineacht Jarrow, deacracht shealadach, locht pearsanta. Is é sin an staid rialta ina gcaithfidh formhór mór na saoránach a saol a chaitheamh in aon tír chaipitlíoch. Is í seo fíric bhunúsach na streachailte idir na haicmí, nach féidir leis na hiarrachtaí dea-chroíocha ar fad a dhéanann an Comhar um Sheirbhís Phearsanta í a chur i leataobh. Tá an naimhdeas idir na haicmí fréamhaithe chomh domhain sa tsochaí chaipitlíoch agus a bhí riamh.

Ní shamhlaítear fir ach mar uirlisí táirgthe, nach bhfuil ina gcuid saothair ach earra ar féidir é a cheannach agus a dhíol. I sochaí chaipitlíoch, is féidir athruithe ollmhóra a dhéanamh a chuireann deireadh le slí mhaireachtála i mbaile iomlán thar oíche, ar mhaithe le grúpa cumhachtach éigin, nach gá dóibh aon aird a thabhairt ar na hiarmhairtí sóisialta a bhaineann lena gcinntí. Ní fadhb áitiúil í drochstaid Jarrow. Is comhartha í ar urchóid náisiúnta.

Tá sé in am do na hoibrithe smacht a ghlacadh ar an tír seo. Tá sé in am acu í a phleanáil, a eagrú, agus a fhorbairt sa chaoi go mbainfidh gach duine tairbhe as an saibhreas is féidir linn a tháirgeadh. Is é sin an chéad jab eile atá le déanamh ar son na tíre seo, a bhfuil grá againn di.

# ROINN 2: ÉIRE

**Freagair ceist amháin as gach ceann de dhá cheann de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*

## Éire agus an tAontas, 1815-1870

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1815-1870, cén tionchar a bhí ag ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas ar Éirinn: imirce; oideachas; forbairt thionsclaíoch i mBéal Feirste? (100)
2. Cad iad na freagairtí a bhí ag Charles Trevelyan agus/nó Asenath Nicholson do Ghorta in Éirinn? (100)
3. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhain leis an bhFíníneachas mar ghluaiseacht pholaitiúl? (100)
4. Le linn na tréimhse 1815-1870, cad iad na forbairtí a bhain leis na healaíona cruthaitheacha agus/nó le réimse na heolaíochta agus teicneolaíochta? (100)

*Éire: Topaic 2*

## Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a d'fhorbair an ghluaiseacht ar son Rialtais Dúchais faoi Butt agus Parnell le linn na tréimhse 1870-1886? (100)
2. Cad iad na haidhmeanna polaitiúla a bhí ag Edward Carson agus cé chomh rathúil agus a bhí sé sna hiarrachtaí a rinne sé iad a bhaint amach? (100)
3. Ón staidéar atá déanta agat ar stair shóisialta agus eacnamaíochta na hÉireann, 1870-1914, cén tábhacht a bhí le leasú chóras na talún agus/nó le gluaiseacht na gcomharchumann? (100)
4. Le linn na tréimhse 1870-1914, cad a chuir an Cumann Lúthchleas Gael (CLG) agus/nó an Ghluaiseacht Vótála le gnóthaí na hÉireann? (100)

*Éire: Topaic 3*

## Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1912-1920, cad iad na tosca ba mhó a chuir le críochdheighilt na hÉireann? (100)
2. Le linn na tréimhse 1922-1939, cé acu ba mhó a bhain nithe amach sa chaidreamh Angla-Éireannach, Mac Cosgair nó de Valera? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don bheirt. (100)
3. Le linn na tréimhse 1922-1949, conas a chuir Comhdháil Chorp Chríost 1932 agus/nó polasaithe teanga agus oideachais an stáit leis an ionannas Éireannach? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag an Dara Cogadh Domhanda ar Éirinn, ó Thuaidh agus ó Dheas? (100)

*Éire: Topaic 4*

## Diaspóra na hÉireann, 1840-1966

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na dúshláin agus na deiseanna a bhí roimh imircigh Éireannacha sna Stáit Aontaithe, 1840-1920? (100)
2. I measc diaspóra na hÉireann cén tábhacht a bhí ag duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas: An tArdeaspag Daniel Mannix; Domhnall Mac Amhlaigh; Paul O'Dwyer? (100)
3. Cé chomh rathúil agus a bhí misinéirí Éireannacha san Afraic agus san Áise, 1945-1966? (100)
4. Cad a d'fhoghlaim tú ón staidéar a rinne tú ar chruthú íomhánna Éireannacha trí scannáin agus trí cheol agus/nó ar na naisc idir Éirinn agus an pobal leathan Éireannach trí thurasóireacht agus trí oidhreacht? (100)

*Éire: Topaic 5*

## An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta ba mhó a bhí roimh Thuaisceart Éireann, 1949-1969, agus cé chomh héifeachtach agus a tugadh fúthu? (100)
2. Cén fáth ar tháinig Gluaiseacht na gCeart Sibhialta chun cinn i dTuaisceart Éireann agus ar éirigh léi? (100)
3. Cad a chuir Terence O'Neill agus/nó Ian Paisley le gnóthaí i dTuaisceart Éireann? (100)
4. Ón staidéar atá déanta agat ar chreideamh agus ar chultúr i dTuaisceart Éireann, 1949-1993, cad a d'fhoghlaim tú faoi cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Printísigh Dhoire; éacúimineachas; freagairtí cultúrtha do na "Trioblóidí"? (100)

*Éire: Topaic 6*

## An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a chuaigh rialtais Éireannacha i ngleic leis na fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta a bhí rompu, 1949-1989? (100)
2. Cad a chuir Jack Lynch agus/nó Charles Haughey le gnóthaí na hÉireann? (100)
3. Le linn na tréimhse 1949-1989, cén tábhacht a bhí le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: dearcthaí athraitheacha i leith na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh; tionchar RTÉ, 1962-1972; An tArdeaspag John Charles McQuaid? (100)
4. Cé chomh mór agus a d'athraigh stádas na mban le linn na tréimhse 1949-1989? (100)

# ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1815-1848, cad a chuir Metternich le taidhleoireacht Eorpach? (100)
2. Cé acu tír, an Iodáil nó an Ghearmáin, ba mhó a bhain aontacht agus neart amach le linn na tréimhse 1815-1871? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá thír. (100)
3. Le linn na tréimhse 1815-1871, cé acu gluaiseacht, ceardchumannachas agus sóisialacha nó an mhórpholaitíocht, ab fhearr a d'fhreagair don athrú sóisialta san Eoraip? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá ghluaiseacht. (100)
4. Le linn na tréimhse 1815-1871, cén tábhacht a bhain le náisiúnachas cultúrtha agus/nó le Páras Haussmann? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1871-1914, cén tionchar a bhí ag an tionsclaíocht agus ag aireagán agus stair luath an ghluaisteáin ar an nGearmáin? (100)
2. Cad iad na cúiseanna a bhí leis an Impiriúlachas Nua agus cén tionchar a bhí ag an Impiriúlachas Nua ar an Eoraip? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag cogaí agus ag réabhlóidí ar an Rúis, 1900-1920? (100)
4. Cad a d'fhoghlaim tú faoin gCéad Chogadh Domhanda agus faoin Socrú Síochána ina dhiaidh ón staidéar atá déanta agat ar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Douglas Haig; na mná sa líon saothair; Woodrow Wilson? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh rathúil agus a bhí Nikita Khrushchev mar cheannaire Sóivéadach? (100)
2. Cé chomh héifeachtach agus a bhí ceannaireacht Margaret Thatcher maidir le gnóthaí intíre agus eachtracha? (100)
3. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhain le geilleagair an Iarthair, 1945-1990? (100)
4. Cén tábhacht a bhain le Dara Comhairle na Vatacáine agus/nó leis an bPápa Eoin Pól II? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tábhacht, don dá thír, a bhí le hastarraingt na Breataine ón India? (100)
2. Cad iad na fadhbanna inmheánacha agus seachtracha a bhí ag an Indinéis faoi cheannas Sukarno, agus cé chomh éifeachtach agus a bhí a chuid iarrachtaí iad a réiteach? (100)
3. Ón staidéar atá déanta agat ar an stair shóisialta agus eacnamaíochta, cad a d'fhoghlaim tú faoi Julius Nyerere agus polasaí ujamaa agus/nó trádáil, cúnamh agus gorta san Afraic iarchoilíneach? (100)
4. Le linn na tréimhse 1945-1990, cén tábhacht a bhí le leathadh an Ioslamachais agus na Críostaíochta san Afraic agus/nó leis an gcreideamh Ioslamach san Eoraip? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Ó Roosevelt go Reagan, an aontófá gur ar mhaithe le Meiriceá a ghnóthaigh uachtaráin Mheiriceá i gcónaí? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat do níos mó ná uachtarán amháin. (100)
2. Cad a chuir Martin Luther King leis na heachtraí a bhain le baghcat bus Montgomery agus le gnéithe eile de shaol Mheiriceá? (100)
3. Cad iad na héachtaí a bhain le geilleagar Mheiriceá, 1945-1968, agus cad iad na tosca a chuir srian lena bhorradh, 1968-1989? (100)
4. Maidir le duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas, conas a thug sé/sí dúshlán na dtuairimí ar glacadh go coitianta leo i SAM: Norman Mailer; Betty Friedan; Muhammad Ali? (100)

# Leathanach Bán